

Clár na dToghthóirí

Iarratas ar vóta poist

ó vótálaithe cláraithe atá á gcoinneáil i bpríosún

Tá sé níos éasca ar líne!

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.



www.seiceailanclár.ie

Má choinnítear i bpríosún tú agus muna mbeidh tú in ann freastal ar d'ionad vótála chun vóta a chaitheamh ar lá na vótála mar gheall ar do choinneáil, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar vóta poist leis an bhfoirm seo. Ní mór do Rialtóir an phríosúin nó do dhuine eile atá ceaptha ag an Rialtóir an fhoirm a dheimhniú.

Chun d'iarratas a phríoiseáil, caithfimid roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait. Inseoimid duit conas agus cén fáth a n-úsáidimid do chuid faisnéise pearsanta ar leathanach 3. Léigh an t-eolas seo le do thoil chun cabhair a thabhairt duit an fhoirm seo a líonadh isteach.

Comhlánaigh an fhoirm seo i mBLOCLITREACHA, le do thoil

1

Do sonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir PSP

Dáta breithe

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Náisiúntacht

Seoladh baile

Éirchód

An seoladh ag a mbeifeá i do chónaí mura mbeifeá i bpríosún.

2

Sínigh anseo agus téigh chuig leathanach 2 chun d'fhoirm a dheimhniú

Dearbhaím gur dócha nach mbeidh mé in ann bheith i láthair go pearsanta ar lá na vótála chun vóta a chaitheamh ag an stáisiún vótála toisc go bhfuilim ar choinneáil i bpríosún.

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- > fíor, agus
- > iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú nó marc

Dáta

Deimhniú ón oifigeach ábhartha

Ní mór an chuid seo a chomhlánú

Nóta don Rialtóir nó don oifigeach údaraithe

Is féidir le príosúnaigh atá á gcoinneáil i bpríosún iarratas a dhéanamh ar vóta poist sa cheantar ina mbeadh siad ina gcónaí mura mbeidís á gcoinneáil i bpríosún. Chun cáiliú do vóta poist ní mór nach mbeadh an príosúnach in ann dul chuig a (h)ionad vótála chun vóta a chaitheamh ar lá na vótála mar gheall ar a gcoinneáil. Ní mór d'oifigeach príosúin ábhartha a dheimhniú go mbaineann cúinsí den sórt sin leis an iarratasóir. Tá oifigeach iomchuí ar cheann de na nithe seo a leanas: Rialtóir an phríosúin, nó duine eile atá i mbun údaráis sa phríosún, nó duine eile a mbeidh údaraithe ag an Rialtóir chun dualgais chlárucháin agus dualgais a bhaineann le vótáil a chomhlíonadh.

Tá ar an oifigeach ábhartha an chuid thíos a chomhlánú agus a shíniú. Ní mór don oifigeach socruithe a dhéanamh chun é a sheoladh chuig an údarás áitiúil ábhartha.

Deimhniú ó oifigeach príosúin iomchuí

Ainm an phríosúin

Seoladh an phríosúin

Éirchód

Ainm an oifigigh ábhartha

Céim/teideal

Uimhir na
n-oifigeach ábhartha

Uimhir ghutháin

Stampa príosúin

Deimhním, , go bhfuil

(an t-iarratasóir) á choinneáil i bpríosún faoi láthair de bhun ordú cúirte, agus mar gheall ar chúinsí a gcoinneála, ní bheidh siad in ann bheith i láthair go pearsanta ar lá na vótála chun vóta a chaitheamh ag a stáisiún vótála.

Síniú oifigiúil

Dáta

An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí. Is féidir leat seiceáil an bhfuil tú cláraithe www.seiceáil.clár.ie.

Is féidir leat www.seiceáil.clár.ie a úsáid freisin:

- › chun clárú chun vótáil;
- › do thaifead reatha a chomhlánú le sonraí ar nós Uimhir PSP, dáta breithe agus Éirchód; nó
- › athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó do sheoladh baile.

Bain úsáid as an bhfoirm seo más vótálaí cláraithe tú atá á choinneáil sa phríosún agus más mian leat vóta chaitheamh leis an bpost mar is dócha go mbeidh tú fós i bpríosún ar lá na vótála.

D'fhoirm a dheimhniú

Beidh ort d'fhoirm a bheith deimhnithe ag oifigeach príosúin ábhartha. Ní mór duit leathanach 1 den fhoirm seo a líonadh isteach agus a shíniú ar dtús. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh tú:

- › an fhaisnéis go léir a iarrtar ar Leathanach 1 a sholáthar lena n-áirítear do sheoladh agus d'éirchód maidir leis an áit a mbeifeá i do chónaí mura mbeifeá sa phríosún. Ciallaíonn sé sin gur féidir leat vóta a chaitheamh d'iarrthóirí i do dháilcheantar áitiúil féin;
- › an fhoirm iarratais a shíniú nó a mharcáil agus dáta a chur léi chun d'iarratas a dhéanamh bailí.

Nuair a bheidh Leathanach 1 den fhoirm comhlánaithe agat, ba chóir duit í a thabhairt d'oifigeach ábhartha an phríosúin chun leathanach 2 a chomhlánú. Ceanglaítear ar an oifigeach sin a dheimhniú gur dócha nach mbeidh tú in ann bheith i láthair go pearsanta ag an stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh mar gheall ar chúinsí do choinneála sa phríosún. Socróidh an t-oifigeach go seolfar an fhoirm chuig d'údarás áitiúil agus beidh ainm agus seoladh an phríosúin san áireamh, ionas gur féidir an páipéar ballóide a sheoladh chugat sa phríosún.

Féadfaidh d'údarás áitiúil cruthúnas a lorg ar an áit a raibh cónaí ort sula ndeachaigh tú isteach sa phríosún.

Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta (d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP agus náisiúntacht san áireamh) de dhíth ar d'údarás áitiúil chun d'iarratas a phróiseáil.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- › nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh agus
- › go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- › níl aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

Foirm iarratais a sheoladh ar ais tríd an bpost

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe socróidh an t-oifigeach príosúin ábhartha í a sheoladh chuig d'údarás áitiúil iomchuí.

An dáta is déanaí chun iarratas a fháil

Is féidir an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith. **Má fhógaítear toghchán nó reifreann go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach déanaí ná:

Imeacht toghcháin	An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil
Toghchán don Dáil	Dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála
Fothoghchán Dála	Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála
Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann	22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh)

Ní féidir foirmeacha a fhaightear go déanach a mheas agus ní bheidh aon éifeacht acu don toghchán nó don reifreann sin.